

Measúnú ar an leagan feabhsaithe beartais ilteangaigh sa scoile uile. Impleachtaí le haghaidh níos mó forbartha.

Tuairisc dheireanach ar Aschur Intleachtach 6 sa tionscadal Erasmus+ Plur>E 'I dtreo beartais ilteangaigh sa scoil uile i scoileanna Eorpacha'

Joachim Schlabach, University of Turku (Partner 3 – IO6 Leader)

1. Réamhrá:

Is é pointe fócasach an tionscadail Erasmus+ Plur>E 'I dtreo beartais ilteangaigh sa scoil uile' ná measúnú ar an leagan feabhsaithe beartais ilteangaigh sa scoil uile. Maidir leis an tionscadal seo, phíolótaigh seacht scoil in Eoraip agus sa Tuirc go leor tionscnamh laistigh dena bhfrámaíocht áitiúil. Tá taithí na dtionscadal de chuid na scoileanna páirtnéara Plur>E fo-ghlactha ag an tuairisc seo ar mheasúnú ar leagan feabhsaithe an mhúnla protipiciúil beartais ilteangaigh sa scoil uile. Léiríonn an réamhrá na pointí is tábhachtaí den Bheartas Ilteangach sa Scoil Uile mar a bhí curtha le chéile ag Britta Hufeisen. Faightear achoimrí gairide i gcaibidil a dó faoi thuairiscí ar thionscadail na scoileanna páirtnéara maidir lena ndeonachán don leagan feabhsaithe beartais ilteangaigh sa scoil uile. Ansin, déanann caibidil a trí cur síos ar ghnéithe iomlán na bhforbairtí laistigh den tionscadal Plur>E. Críochnaíonn an tuairisc le tuairim ar trí ghné de bheartas ilteangach sa scoil eile le scrúdú sa todhchaí.

Is é ilteangachas ceann de na cuspóirí stratéiseacha na n-Aontais Eorpaigh. Is é an cuspóir uailmhianach ná saoránaigh a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh i dhá theanga seachas a dteanga dhúchais. Chun an cuspóir seo a bhaint amach agus ag cur san áireamh go ngíomhaítear in aghaidh an mheatha theangeolaíoch leanúnaigh san oideachas atá i bhfabhar an Bhéarla a bheith mar an t-aon theanga eachtrach, tá béim ar leith ar oideachas teanga ag teastáil ó bheartais traidisiúnta oideachasúil. Is é ceann de na tograí a bhfuil gealladh faoi ná an beartas ilteangach sa scoil uile, múnla a bhí curtha le chéile ag Britta Hufeisen agus a bhí píolótaithe sa tionscadal PlurCur[®]. Tá an múnla bunaithe ar chur chuige teoiriciúla aitheanta go forleathan le haghaidh foghlama teangacha iolracha agus tá sé infheicthe i gcomhthéacs cóngarach dona múnla toisce (Hufeisen 2010).

“Ein Gesamtsprachencurriculum zielt darauf, die Sprachenangebote in der Schule miteinander und mit den Sachfächern zu vernetzen und sie zeitlich und im Bildungsgang der Lernenden aufeinander abzustimmen” (Hufeisen 2016, 167). Is múnla córasach é an beartas ilteangach sa scoil uile agus cuireann sé gach teanga (mar theangacha scolaíochta, oidhreachta agus eachtracha) san áireamh. Cothaíonn sé ilteangachas curaclaim agus pléann sé múineadh comhtháite teanga. Tá cur chuige traschuraclaim le foghlaim chomhtháite ábhar agus teangacha (FCÁT) lárnach. Díríonn na daltaí a gcuid staidéir ar an tionscadal agus cuirtear i bhfeidhm é thar gach grád (cur chuige trasfhoghlaim). Tá cur chuige córasach ag baint le cultúr agus le litríocht. Tá eolas níos mionsonraithe infhaighte i Hufeisen 2005, 2008, 2011 & 2016 agus sna foilsiúcháin de chuid PlurCur[®] (project at the European Centre for Modern Languages ECML in Graz, www.ecml.at/plurcur) Allgäuer-Hackl et al. 2015 & in prep.; Allgäuer-Hackl et al. 1994-2017.

2. Tionscadail de chuid scoileanna páirtnéara Plur>E: Deonachán an páirtnéir (inchur curtha le beartas ilteangach sa scoil uile)

Léiríonn an chaibidil seo an obair i dtreo beartais ilteangaigh sa scoil uile maidir le tionscadail de chuid scoileanna páirtnéara Plur>E. Comhlánaíonn na hachóimrí gairide seo na tuairiscí tionscadail áirithe agus na scéalta rathúla gaolmhara. Tá níos mó eolais faoi thionscadail de chuid scoileanna páirtnéara Plur<E ar fáil i dtuairiscí agus i scéalta rathúla na dtionscadal atá i gceist.

- P4 HLW Rankweil, An Ostair:
Ullmhúchán trastheangeolaíoch i dtrí theanga eachtrach, feasacht meitheangeolaíoch a chothú, bunaithe ar shuirbhé taithí na ndaltaí, FCÁT i gcorpoideachais agus i margaíocht; comhoibriú cóngorach le comhghleacaithe; díriú ar leith ar mheonta, taithí; “1. Ag tosnú le taithí iar-scoláirí agus le haiseolas ar chásanna ilteangacha agus iad ag obair thar lear, cheapamar an t-ullmhúchán do dhaltaí sa todhchaí le haghaidh an sprioctheanga sa tír nó réigiúin ina bhfuil an cleachtadh teagaisc ar siúl agus le haghaidh cásanna agus dúshláin ilteangacha. Bhí/Tá na daltaí páirteach sa phróiseas.
- 2. Laistigh den scoil, b’eilimint nua é comhoibriú i measc múinteoirí teanga chun na gníomhaíochtaí a dhéanamh, chomh maith le cead a thabhairt do dhaltaí na teangacha go léir a mhúinteoir sa scoil a labhairt, rud a thug taithí dearfach ilteangach do na rannpháirtithe go léir.”
- P6 Ardscoil Rís, Éire:
Go leor teangacha a chomhcheangal i dtimpeallacht na scoile agus i go leor tionscadal; próifil na Gearmáinise/Fraicise agus na Gaeilge i dtimpeallacht na scoile a ardú le comharthaíocht ilteangach scoile agus le nathanna cainte; múineadh traschuraclaim a chur chun cinn trí cheol, ealaín, eolaíocht, athrú aeráide, stair; daltaí a spreagadh a bheith i mbun teangacha lasmuigh den seomra ranga - m.s. Ilteangachas agus idirghníomhaíocht ar líne a chur chun cinn aip Pablo mar shampla chun teicneolaíocht faisnéise a úsáid.
- P7 Heinrich-Heine-Gymnasium, Germany:
Grúpa Ilteangach Drámaíochta; daltaí ag a bhfuil inniúlachtaí difriúla Gearmáinise acu a chomhcheangal agus comhtháthú trí tionscadal amharclainne scoile a chothú; feasacht ilteangachais an duine féin a ardú chomh maith le hinniúlachtaí ilteangacha agus le éagsúlacht chultúrtha an phobail scoile; comparáid agus codarsnacht a dhéanamh ar theangacha, straitéisí foghlama teanga a bhrath go spráitúil mar sin; feasacht idirchultúrtha a chur chun cinn agus ionbhá a fhorbairt; i bhfrámaíocht na hilteangachais bheo (Tionscnamh *lebendige Mehrsprachigkeit*) le haghaidh comhtháthaithe níos fearr inimirceach. “Is dócha gur nualach í an fhíric go bhfuil daltaí ag a bhfuil inniúlachtaí difriúla Gearmáinise acu ag iarraidh aisteoireacht a dhéanamh le chéile agus dráma Gearmánach iomlán a réamhchleachtadh.”

- P8 Ardscoil Ghairmiúil Theicniúil agus Anatólach, Esenler an Túirc:
Roghnaíonn an páirtneir plean B, mar a deirtear, le díriú ar Spáinnis (in áit Tuircise, mar gheall ar iarratas inimirceach na Siria, iarrann siad bogadh tuilleadh go dtí an Eoraip; “ Ag tosnú le taithí iar-scoláirí agus le haiseolas ar chásanna ilteangacha agus iad ag obair thar lear, cheapamar an t-ullmhúchán do dhaltáí sa todhchaí le haghaidh an sprioctheanga sa tír nó réigiúin ina bhfuil an cleachtadh teagaisc ar siúl agus le haghaidh cásanna agus dúshláin ilteangacha. Ciallaíonn sé sin chomh maith go raibh/bhfuil na daltaí páirteach sa phróiseas.” (cf. P4)
- P9, P10, P11: Is í an fhrámaíocht ná an *Südtiroler Mehrsprachencurriculum* (Schwienbacher et al. 2016), m.s. tá na tionscadail leabaithe i mbeartas scoile tacíochta, agus tá siad ag dul i dtreo a bheith inbuanaithe agus fad-téarma; chomh maith leis sin, tacaíonn an *Maßnahmenpaket zur Förderung der Mehrsprachigkeit in der deutschen Schule* [pacáiste beart chun ilteangachas a chur chun cinn sa scoil Ghearmánach] le cuir chuige ilteangacha.
- P9 Fachoberschule für Tourismus und Biotechnologie ‘Marie Curie’, An Iodáil:
“Die Pflege der Muttersprache sowie die Förderung der Zweit- und Fremdsprachen zielen auf funktionale Mehrsprachigkeit ab. Muttersprachliche Kenntnisse können nur gestärkt, Kompetenzen und Fertigkeiten in den anderen Sprachen nur erreicht werden, wenn sich alle Lehrpersonen um Sprache bemühen.” [Dírionn an méid seo a leanas ar ilteangachas feidhmiúil; an mháthairtheanga a chaomhnú chomh maith le cur chun cinn teangacha tánaisteacha agus eachtracha. Ní féidir le scileanna teanga dúchaise ach a bheith neartaithe, is féidir inniúlachtaí agus scileanna sna teangacha eile a bhaint amach amháin má tá suim ag na múinteoirí go léir i dteangacha.] (DreiJahresplan FOS, 2017).
Ge leor tionscadal ilteangacha sa ghnáthsheomra ranga agus lasmuigh de ag baint úsáide as go leor teangacha: ag glacadh páirte i dtionscadal an Bhéarla: Parlaimint Óige don Chomhdháil Alpine ([YPAC](#)); CarnetCurie SchülerInnenblog der FOS; Féile Teangacha ar scoil: cuir i láthair ilteangacha, taispeántais agus Caifé Teanga; tionscadal turasóireachta: turas ilteangach cruthaitheach a ullmhú sa *Touriseum* (iarsmalann áitiúil turasóireachta); leabhar ilteangach cócaireachta.
Dírítear ar “an comhcheangal idir teoiric agus cleachtadh ionas go mbraitheann daltaí teanga mar mhodh idirghníomhaíochta, lasmuigh den seomra ranga, ach go háirithe.”
- P10 Gymnasium ‘Walther von der Vogelweide’, An Iodáil:
Ranna FCÁT i ndlí-Iodáilis, eolaíocht-mata-Béarla, stair-Spáinnis, stair ealaíne-Fraincis mar chúrsaí caighdeánacha; comhoibriú rahtúil idir an scoil Ghearmánach agus an ceann Iodálach i mBolanzo, malairt mhúinteora idir Gearmáinis agus Iodáilis san áireamh, le méid cláraithe ard agus seasmhach; mar chur chuige ana rathúil agus inbhanaithe croí beartais ilteangaigh sa scoil uile a chur i bhfeidhm.
- P11 Sozialwissenschaftliches Klassisches und Sprachengymnasium Meran, An Iodáil:
“Oideachas ilteangach - ag ullmhú do thodhchaí ilteangach”; Mionsaothrú de chuid coincheapadh a mhaireann cúig bliana le modúil éagsúla san áireamh a úsáideann an modh; agus mionsaothrú de chuid coincheapadh teanga ag díriú ar chur chun cinn ilteangachais mar gheall ar an *Mehrsprachencurriculum Südtirol*, an *Gesamtsprachencurriculum* (Hufeisen) agus an *Curriculum Mehrsprachigkeit* (Reich / Krumm); tionscadail agus tionscnaimh sa scoil uile a éascaíonn smaointeoireacht theangeolaíoch greasáin / cur chun cinn inbhuanaithe ilteangachais.
Tionscnaimh éagsúla a chuireann oideachas ilteangach i bhfeidhm: Comparáid a dhéanamh ar réaltachtaí ilteangacha agus ilchultúrtha: na scileanna i dteangacha difriúla

a bhí foghlamtha agus labhartha ag na daltaí a aistriú; díriú ar téacsanna liteartha agus ar oideachas ilchultúrtha; cuir i láthair ar taithí i rith seachtainí teanga sa Spáinn agus sa Fhrainc: anailís ar steiréitíopaí; Teangacha agus spórt-comórtas; Lá Eorpach na Teangacha; cur chun cinn teastas teanga.

3. Gnéithe iomlán

Is tasc dúshlanach é cur i bhfeidhm go leor codanna beartais ilteangaigh sa scoil uile. Is minic gur constaic iad traidisiúin oideachasúla agus frámaíochta diana i gcórais scoile, ach is féidir le páirtneírí tionscadail ana tiomanta éirí leo ina dtionscadail. Mar mheasúnú ar leagan feabhsaithe an bhertais ilteangaigh sa scoil uile, is féidir le go leor gnéithe a bheith soiléirithe:

- Tá gá ann meonta dearfacha a bheith ann maidir le hilteangachas. Maidir le daltaí, is minic atá siad toilteanach staidéar a dhéanamh ar níos mó teangacha nó foghlaim le cuir chuige nua oideachasúla. Caithfidh múinteoirí, tuismitheoirí, riarachán agus rialtas a bheith cinnte, áfach, agus an cur i bhfeidhm go leor teangacha i scolaíocht a thacú.
- Is bealach nuálach foghlaim ilteangacha iad **cúrsaí trastheangeolaíochta agus ilteangacha** a chothaíonn feacht mheititheangeolaíoch agus a ullmhaíonn do dhúshláin ilteangacha sa todhchaí. Tacaíonn an cur chuige seo le feacht mheititheangeolaíoch a chothaíonn níos mó foghlama ilteangaí í féin.
- Is rud dáiríre é **guthanna daltaí** (aiseolas, iarrtha) agus modhanna taighde éagsúla (ceistneoirí) a chur san áireamh. Tacaíonn an cur chuige seo le cur i bhfeidhm na struchtúr nua, feiceann na foghlaimeoirí iad féin mar chuid den phróiseas a ardaíonn a dtiomantas.
- Léibhéil éagsúla frámaíochta a chur san áireamh: mar shampla, náisiúnta (cosúil le hÉirinn → Gaeilge; An Ostair; an Tuirc), reigiúnach (South Tyrol → Gearmáinis, Iodáilis, Laidin, Béarla [+ teangacha nua-aimseartha eile] agus teangacha oidhreachta), áitiúil (Cologne → teangacha oidhreachta), scoil (cosúil le hArdcoil Rís) beartais agus meonta foirne agus bainistíochta, agus riachtanais/acmhainní múinteoirí (a gcuid inniúlachtaí, tionscnamh agus roghanna). Toisc go mbíonn an cur i bhfeidhm i gcónaí ar siúl i bhfrámaíocht áirithe, caithfear a choinníolacha a bheith curtha san áireamh.
- Cuireann beartais ilteangacha sa scoil uile atá ann cheana féin cosúil le *Südtiroler Mehrsprachencurriculum* (Schwienbacher et al. 2016) tionscadail agus gníomhaíochtaí chun tosaigh.

I gcomhthéacs na ngnéithe luaite thuas, is féidir le trí reimse suime a beith fo-ghlactha ó na tionscadail de chuid scoileanna pairtnéara Plur>E.

1. **Díriú ar na foghlaimeoirí:** Cén riachtanais atá acu? Cad atá ag teastáil uathu? Cad iad a gcuid mothúchán agus spreagadh maidir le breisteangachas, bunaithe ar cheangal pearsanta? Is níos rathúla é cur i bhfeidhm struchtúr nua cosúil le codanna beartais ilteangaigh sa scoil uile nuair cuireann cuspóirí, inneachar agus modhanna riachtanais

na bhfoghlaimoirí chun tosaigh. Neartaíonn sé sin a bhféinriar, spreagadh agus dtiomantas agus baineann toradh rathúil leis.

2. **Díriú eile ar fheasacht:** Taispeánann daoine ilteangacha níos mó feasachta (caighdeán níos airde d'fheasacht mheititheangeolaíoch) nuair a úsáideann siad go leor teangacha agus nuair a fhoghlaimíonn siad teanga(cha) i suíomh ilteangach. Is féidir le beartas ilteangach sa scoil uile a bheith tacaíthe ag uirlisí a chothaíonn feasacht (foghlama) teanga i gcúrsaí trastheangeolaíocha.
3. **Frámaíocht pholaitiúil:** Baintear aon sórt beartais ilteangaigh sa scoil uile amach i bhfrámaíocht áirithe beartas teanga, m.s. go naisiúnta, go reigiúnach, go háitiúil, agus i scoil ar leith. Is féidir le gach leibhéal frámaíochta tacú le nó cuir isteach ar a chur i bhfeidhm nó é a chur i mbaol.

4. Níos mó forbartha: Gnéithe nua

Toisc nár baineadh cur i bhfeidhm beartais ilteangaigh sa scoil uile amach go fóill, tá níos mó tionscadal agus tionscadail le taighde ina gcuideachta ag teastáil. Maidir leis an leagan feabhsaithe beartais ilteangaigh sa scoil uile, d'éirigh forbairt nua agus bearnaí taighde chun tosaigh, mar shampla:

- **Díriú ar na foghlaimoirí:**
Cad é tionchar suirbhéanna agus agallaimh múinteoirí ar bheartas ilteangach sa scoil uile? Nár uirlis iad amháin chun cabhrú lena chur i bhfeidhm nó an bun-chuid de iad? Cad é ról mothúchán maidir le teanga agus hilteangachas?
- **Díriú eile ar fheasacht:**
An sainoidhríonn díriú eile ar fheasacht mheititheangeolaíoch riachtanas le haghaidh cuspóirí nua agus próisis nua i gcúrsaí trastheangeolaíoch / suíomhanna breisteangacha foghlama?
- **Frámaíocht pholaitiúil:**
Cé mhéad ilteangachais a chaithfear a bheith ar fáil i sochaí / dtimpeallacht ionas gur féidir le beartas ilteangach sa scoil uile a bheith curtha i bhfeidhm?

TAGAIRTÍ

Tuairiscí de chuid scoileanna páirtnéara Plur>E

LITRÍOCHT:

Allgäuer-Hackl, Elisabeth; Brogan, Kristin; Henning, Ute; Hufeisen, Britta & Schlabach, Joachim (eds) (1994-2017), *Towards whole-school language curricula. Examples of practice in schools*. Graz: Council of Europe, European Centre for Modern Languages [online at <http://www.ecml.at/plurcur> 20.09.2017].

- Allgäuer-Hackl, Elisabeth; Brogan, Kristin; Henning, Ute; Hufeisen, Britta & Schlabach, Joachim (eds) (2015), *MehrSprachen? – PlurCur! Berichte aus Forschung und Praxis zu Gesamtsprachencurricula*. Baltmannsweiler: Schneider Hohengehren.
- Allgäuer-Hackl, Elisabeth; Brogan, Kristin; Henning, Ute; Hufeisen, Britta & Schlabach, Joachim (eds) (in prep.), *More languages? – PlurCur! Research and practice regarding plurilingual whole school curricula*. Graz: European Centre for Modern Languages / Strasbourg: Council of Europe. [to be published online at <http://www.ecml.at/plurcur>]
- Hufeisen, Britta (2005), Gesamtsprachencurriculum: Einflussfaktoren und Bedingungsgefüge. In: Hufeisen, Britta & Lutjeharms, Madeline (eds), *Gesamtsprachencurriculum – Integrierte Sprachendidaktik – Common Curriculum. Theoretische Überlegungen und Beispiele der Umsetzung*. Tübingen: Gunter Narr, 9-18.
- Hufeisen, Britta (2008), Gesamtsprachencurriculum, curriculare Mehrsprachigkeit und Mehrsprachigkeitsdidaktik – Utopie, Allheilmittel für den fächerübergreifenden ((Fremd)Sprachen)Unterricht oder Schreckgespenst aller AnglistInnen und EnglischlehrerInnen? In: Bausch, Karl-Richard; Burwitz-Melzer, Eva; Königs, Frank G. & Krumm, Hans-Jürgen (eds), *Fremdsprachenlernen erforschen: sprachspezifisch oder sprachenübergreifend?* Tübingen: Gunter Narr, 97-106.
- Hufeisen, Britta (2010), Theoretische Fundierung multiplen Sprachenlernens. Faktorenmodell 2.0. *Jahrbuch Deutsch als Fremdsprache - Intercultural German Studies* 36, 200-207.
- Hufeisen, Britta (2011), Gesamtsprachencurriculum: Weitere Überlegungen zu einem prototypischen Modell. In: Baur, Rupprecht S. & Hufeisen, Britta (eds), „*Vieles ist sehr ähnlich.*“ *Individuelle und gesellschaftliche Mehrsprachigkeit als bildungspolitische Aufgabe*. Baltmannsweiler: Schneider Hohengehren, 265-282.
- Hufeisen, Britta (2016), Gesamtsprachencurriculum. In: Burwitz-Melzer, Eva; Mehlhorn, Grit; Riemer, Claudia; Bausch, Karl-Richard & Krumm, Hans-Jürgen (eds), *Handbuch Fremdsprachenunterricht* [6. Auflage], Tübingen: Francke, 167-172.
- Reich, Hans H.; Krumm, Hans-Jürgen (2013), *Sprachbildung und Mehrsprachigkeit. Ein Curriculum zur Wahrnehmung und Bewältigung sprachlicher Vielfalt im Unterricht*. Münster: Waxmann.
- Schwienbacher, Evi Debora; Quartapelle, Franca & Patscheider, Ferdinand (2016), *Auf dem Weg zur sprachsensiblen Schule - Das Mehrsprachencurriculum Südtirol*. Carl Link.